

DréachtBheartas maidir le Soláthar Tacaíochta Foghlama

Bealt 2010

Is Gaelscoil bunscolaíochta comhoideachais í Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh (an scoil) faoi phatrúnacht ArdEaspag Dheóise Bhaile Átha Cliath. Feidhmíonn sí faoi rialacháin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.(ROE) De réir polasaí iontrála na scoile fáiltítear roimh dhaltaí ó chúlraí éagsúla cultúrtha, sóisialta agus eitneacha. Cuimsíonn sé seo daltaí le riachtanais speisialta.

Sainmhíniú ar Riachtanais Speisialta

Is dalta le riachtanais speisialta an té a bhfuil a c(h)umas bheith páirteach agus tairbhe a bhaint as oideachas teoranta de dheasca bheith faoi mhíchumas seasmhach fisiceach, céadfach, sláinte meabhrach nó foghlama.

Cuimsíonn deacrachtaí foghlama daltaí a bhfuil miondeacrachtaí cainte agus teanga acu, laghdú éisteachta, miondeacrachtaí sóisialta nó mothúchánacha agus miondeacrachtaí comhordaithe agus deacrachtaí rialú airde atá ceangailte le riochtaí aitheanta cosúil le díospraicse, neamhord airde (ADD) neamhord hipirghníomhaíochta easnamh airde (ADHD). San áireamh anseo freisin tá Uathachas agus Siondróm Down.

Is é an polasaí ag an ROE ná oideachas riachtanais speisialta a chur ar fáil i suímh den phríomhshruth chomh fada agus is féidir. Forálann *an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta orthu 2004* go bhfui leanaí le hoideachas a fháil i suíomh cuimsitheach ach seo a bheith ar leas an linbh agus ar leas soláthar éifeachtach oideachais do leanaí eile den phríomhshruth.

Prionsabail

Aithníonn an scoil gur chóir cláir teagaisc éifeachtacha a bhunú ar an prionsabail seo thíos :

*** Polasaithe éifeachtacha uilescoile

*** rannpháirtíocht uilescoile.

*** acmhainní a chur ar fáil dóibh siúd is mó riachtanais

Aidhm an Bheartais seo

Agus an beartas seo á thabhairt isteach ag an scoil is í aidhm na scoile ná

*** cleachtais a bhaineann le DRS speisialta a shoileiriú

*** straitéis uilescoile maidir le múineadh/foghlaim i gcomhthéacs DRS

*** a chur ar chumas DRS eispéiseas iomlán
oideachais a roinnt lena gcomhaoisigh chomh fada agus féidir

*** Struchtúir chumarsáide a bhuanú go go mbeidh rannpháirtíocht ag
tuismitheoirí na nDRS in oideachas a bpáisti

*** Struchtúir taifeadta a chinntiú agus an slándáil a bhaineann leis a
dhearbhu.

*** Imeascú an DRS a chinntiú agus mar thoradh a f(h)éinmhuinín agus
a f(h)éinmheas a fhorbairt.

*** Réimse áiseanna agus acmhainní a chur ar fáil don DRS.

*** Cuinsí fisiciúla na scoile a bheith in oiriúint do DRS

Clárú Daltaí le Riachtanais Speisialta

A. Daltaí nua

Tagraítear anseo do chritéir chláráithe na scoile.

*** Sa chás go mbionn diagnóis DRS faighte ag an bpáiste roimh chlárú

sna Naíonáin Shóisir, iarrtar cóip de thuairisc measúnaithe ar na
tuismitheoirí chomh luath agus is féidir ionas gur féidir ullmhú do theacht an
pháiste ar scoil agus uaireanta acmhainní a lorg ón ROS.

*** Sa chás go mbíonn DRS ag aistriú ó scoil eile, lorgaítear ...cóip de na
tuairiscí measúnaithe is déanaí ...ó na tuismitheoirí. Lorgaítear torthaí trialacha
mheasúnaithe caighdeánaithe ón scoil, chomh maith le tuairisc ar stair sholáthar
tacaíochta foghlama an dalta. Labhróidh MTF Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh le
MTF na scoile ar a bhfuil an dalta ag freastal d'fhonn aon eolas eile ábharach a

fháil.

DRS a bhfuil Uaireanta Acmhainní ceadaithe dóibh ar chúis íseal-mhnicíocht.

Deintear DRS a bhfuil Uaireanta Acmhainní ceadaithe dóibh ar chúis íseal-mhnicíocht a chuimsiú de réir an Acht Oid sna grúpaí Tacaíochta Foghlama. Lorgaítear treoir agus comhairle ó shaineolaithe ar nós dochtúirí, siceolaithe, siceatraithe, teiripeoirí cainte srl. Deintear moltaí atá i dtuairiscí mheasúnaithe na ndaltaí seo a chur i bhfeidhm ar fud na scoile.

B. Daltaí atá sa scoil cheana féin

Mar chuid de ghnáthobair na scoile bítear de shíor i mbun staitéisí chun fadhbanna foghlama a sheachaint agus a aithint.

*** teacht ar réiteach faoi dhearcadh i dtaobh forbairt teanga agus ghnéithe eile de mhúineadh na Gaeilge agus an Bhéarla agus na Matamaitice chun dul chun cinn agus leanúnachas ó rang go rang a dheimhniú

*** Cláracha léitheoireachta i bpéirí a fheidhmiú sa bhaile, i gcomhair le tuismitheoirí/teaghlaigh na ndaltaí

*** **Cur chuige na ‘Staisiúin’ do mhúineadh léitheoireacht an Bhéarla i Rang a hAon.**

*** Faire agus measúnú leanúnach a dhéanamh ar scileanna teanga, litearthacht agus uimheartheacht na ndaltaí i ranganna na naíonán chun éascú a dhéanamh ar fhadhbanna foghlama a aithint go luath.

Réamhscagadh le déanamh ag an oide ranga.

.

Rang Naí Shin

Liostaí seiceála scagtha, scálaí rátála, próifíle scagtha nó próifílí curaclam. **MIST (Middle Infant Screening Test) i Mí Bealtaine.**

Rang a 1 go 6

Trialacha caighdeánaithe gnáth-thagracha ar nós : **Drumcondra English Reading Test, Triail** Matamaitice Dhroim Chonrach i Mí Bealtaine. Ní gá go

gcuirfí scrúdú caighdeánaithe ar DRS má's é tuairim an MTF nach chun tairbhe an dalta a rachfadh sé.

Cur chuige Pháistí a roghnú don Tacaíocht Foghlama:

- Cruinniú ag MTF i Mí an Mheithimh le tuismitheoirí dhaltaí i rang Naí Shinsir a ghnóthaigh scór de 3 nó níos lú sa Triail Scagtha MIST chun (i) an clár 'Forward Together' a dhéanfar sa bhaile i rith laethanta saoire an tSamhraidh a mhíniú dóibh
(ii) cead i scríbhinn a fháil Triail Diagnóiseach agus tástáil bhreise a chur ar na daltaí sin agus Tacaíocht Foghlama a thabhairt dóibh an scoilbhliain dar gcionn Cf an Fhoirm Cheadaithe
- Cuireann an MTF an measúnú diagnóiseach ar an ndalta.

Reading Recovery:

Clár é seo atá deartha go speisialta le hidirghabháil luath a dhéanamh do pháistí faoi bhun aois a 7 nach bhfuil bunscileanna na litearthachta tugtha leo acu go dtí seo. MTF atá oilte sa chlár seo a roghnaíonn na daltaí a leanfaidh Reading Recovery le cead a dtuismitheoirí.

*** Tugtar tús áite do dhaltaí a bhfuil scór ag an 12ú percentíl nó faoina bhun acu.

Deintear cúram do dhaltaí a bhfuil scór ag an 95ú peirceintíl acu nó os a chionn de réir na n-acmhainní atá ag an scoil, sa seomra ranga agus/nó sa Seomra Tacaíochta Foghlama.

Measúnú Diagnóiseach

*** Téann an múinteoir ranga gcomhairle leis an múinteoir tacaíochta foghlama (MTF) agus roghnaítear na daltaí a bhfuil measúnú diagnóiseach le cur orthu.

*** Cruinniú ag an oide ranga leis na tuismitheoirí chun an imní maidir le dul chun cinn an pháiste a chur in iúl, torthaí na dtrialacha Chaighdeánaithe a mhíniú, agus a gcead a fháil an measúnú diagnóiseach a chur ar an bpáiste. Iarrtar cead freastail ar ranganna tacaíochta foghlama agus cead níos mó tástála bhreise a dhéanamh i rith na bliana. Cf 'Foirm Cheadaithe'.

*** Cuireann an MTF an measúnú diagnóiseach ar an dalta.

Ag brath ar aois an dalta, úsáidfear ceann amháin nó níos mó de na trialacha seo a leanas : [ní liosta iomlán é seo]

WRaPS

Neale analysis of Reading Ability
Aston Index
Graded Test of Reading Experience
One-minute Tables Test

Early Dyslexia Screening test
Dyslexia Screening Test
Basic Number Diagnostic Test
Basic Number Screening Test
Non Reading Intelligence Test [NRIT]

Pleanáil Chláir Foghlama

*** Déantar pleanáil meán-téarmach sa *Phróifíl* agus *Clár Foghlama Aonair* sula dtosaítear ar an mhúinteoireacht bhreise..

*** Cuireann an MTF *Próifíl* agus *Clár Tacaíochta Foghlama* (PCFA) le chéile i gcomhairle leis an oide ranga, leis na tuismitheoirí agus leis an ndalta féin ag cruinniú ag a mbeidh an t-oide ranga i láthair, má's féidir.

*** Deantar athbhreithniú ar an PCFA ag ag deireadh gach tréimhse teagaisc.

*** Déanann an MTF pleanáil gearrthéarmach, tuairiscí dul chun cinn agus measúnú ar chláir foghlama i rith tréimhse teagaisc múinteoireachta breise trí *Thuairisc Pleanála agus Dul Chun Cinn sa Seachtaine* a líonadh.

Soláthar Múinteoireachta Breise

*** Déantar idirghabháil atá pleanáilte go cruinn, sa seomra ranga agus, más gá, sa seomra tacaíochta foghlama. Braitheann éifeacht na h-idirghabhála ar an leibhéal comhoibrithe agus comhordaithe idir an múinteoir ranga agus an MTC agus ar a mhéid a chuirtear lena bhfoghlaíonn an dalta áirithe sa seomra ranga.

*** Soláthrófar múinteoireacht bhreise ar feadh trí threimhse teagaisc de 10 seachtain an tréimhse.

*** Coinníonn **an múinteoir ranga** cuntas dul chun cinn ar gach dalta sa rang.

*** Coinníonn an **MTF** cuntas dul chun cinn ar dhaltaí a fhreastalaíonn ar an seomra tacaíochta foghlama.
Inchur ag oide ranga/tuistí ... cf 'Achoimre ar an Dul chun Cinn' ag bun Tuairisc Pleanála agus Dul Chun Cinn na Seachtaine.
Bíonn inchur, freisin, ag an ndalta féin i ndearadh na spriocanna foghlama ina leith féin, ag brath ar a aois.

Athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ag deireadh tréimhse foghlama.

*** Déanann an MTF athbhreithniú doimhin ar an dul chun cinn atá déanta ag gach dalta i ndeireadh gach tréimhsa teagaisc trí :

1. Tuairiscí pleanála agus dul chun cinn seachathine a athbhreithniú
2. Trialacha diagnóiseacha a chur nó a athchur
3. Dul chun cinn an dalta a phlé leis an múinteoir ranga
 4. Dul chun cinn an dalta a phlé lena t(h)uismitheoirí agus torthaí na dtrialacha measúnaithe a mhíniú dóibh ag deireadh na scoilbliana.
5. Cinneadh a dhéanamh, i gcomhairle leis an oide ranga agus na tuismitheoirí cé acu ab fhearr, leanúint leis an leibhéal céanna múinteoireachta breise, laghdú uirthi nó éirí aisti ar fad.
6. PCFA nua a cheapadh, de réir mar a oireann nó má's gá plé a dhéanamh ar mheasúnu a lorg ó NEPS nó go príobháideach.

An tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (NEPS)

Faoi láthair tá an scoil i dteideal is trí mheasúnú siceolaíoch oideachasúil in aghaidh na bliana ó sheirbhís NEPS. Deineann na hOidí Tacaíochta Foghlama gearrliosta dhaltá a shainléireódh measúnú siceolaíoch oideachasúil a gcuid deacrachtaí foghlama. Is i Mí Meán Fómhair a dheintear an liosta seo a chur le chéile i gcomhairle leis na h-oidí ranga ábharacha. Is í an t-Oide Tacaíochta Foghlama, Maighread Ní Éalaithe, an teangbhálaí NEPS/Scoile.

Baintear leas as seirbhís chomhairliúchán NEPS chomh maith de réir mar a bhíonn gá leis.

DRS ag fágáil na scoile i Rang 6

Tugtar an deis d'oidí ranga agus d'oidí tacaíochta foghlama cruinniú a bheith acu ag deireadh na scoilbliana le hoidí na meanscoile ar a mbeidh an dalta le RS ag freastal le cinntiú go bhfuil gach eolas acu ar riachtanais foghlama na ndaltaí RS.

Athbhreithniú

Déanfar éifeacht an pholasaí a athbhreithniú i rith na scoilbliana 2011-2012.

Is í an Príomhoide a dhéanfaidh an próiséas athbhreithnithe a chomhordú agus beidh an fhoireann teagaisc, tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta páirteach sa phróiséas athbhreithnithe.